

POLASAÍ: CUNTÓIR RIACHTANAIS SPEISIALTA

© Cóipceart. Tá an polasaí seo molta ag Bord Bainistíochta na scoile, ach glacann an Bord Bainistíochta go bhfuil an ceart acu, an polasaí seo a athrú aon am is mian leo i gcomhairle le pobail na scoile. I gcás go bhfuil dearmad déanta in aon ráiteas thíos cuirfear an dearmad sin faoi bhraid an Bord Bainistíochta agus ní ghlacann an Bord Bainistíochta le haon dualgas mar gheall ar an dearmad seo.

Polasaí mar atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais + Polasaí Scoil Raifteirí.

Socraíodh ag Cruinniú Fóirne 29/5/01.

- 1. Braitheann an clár ama ar chomh- oibriú idir an mhúinteoir ranga agus an cúntóir. Tá sé intuigthe go mbeidh an pháiste le riachtanais speisialta mar chuid den ghrúpa oibre i gconaí.**
- 2. Go mbeadh an cúntóir sásta aire a thabhairt don pháiste/pháistí ag am itheadh an lóin sa rang, ar an gclós súgartha i rith dea-aimsir, agus sa seomra ranga i rith droch aimsir. Go mbeadh an cuntóir ag tógáil a am sosa agus an lóin i ndiaidh na páistí agus am súgartha.**
- 3. Go mbeadh an cúntóir ag cabhrú leis an pháiste/páistí a eagrú don bhus agus tuirlingt de, chuig ranganna snámha, turais oideachais agus rl.**
- 4. Go mbeadh an cúntóir sásta glacadh le treoir an mhúinteora agus an phríomhoide rudaí a eagrú don pháiste/pháistí ar mhaithe leo.**
- 5. Go mbeadh cúntóir ranga agus céad ainm an duine mar theideal oibre ar an gcúntóir: m.s Cúntóir Seán.**
- 6. Go mbeadh an chúntóir ranga in ann cabhrú leis an oide ranga agus leis an scoil tré na rudaí seo a leanas a dhéanamh sa seomra ranga;**
 - (i) Leabhair a chludú**
 - (ii) Postaeir a mhaisiú agus rl**

- (iii) Cláracha na bhfógraí a eagrú don ealaín, ullmhúcháin don ealaín agus glanadh suas ina dhiaidh.**
- (iv) Cartaí meatseáil/focail foghlama a choinneáil in ord agus eagar.**
- (v) Obair leis an riamhaire/cúinne na leabhair, cúinne na mata agus rl.**
- (vi) Cluichí a eagrú le grúpa don sos lón , taobh amuigh agus taobh istigh atá múinte roimhe sin ag an oide ranga.**
- (vii) Cabhrú le rang corp-oideachas.**

Mean Fómhair 2003-2004